Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

20 Aibreán 2023 || Eagrán 143

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.

Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!

LIG SINN I gCATHÚ: TURAS BHAILE AN CHAISIL

Áirítear Lig Sinn i gCathú le Breandán Ó hEithir ar cheann de na húrscéalta Gaeilge is cáiliúla dá bhfuil ann. Scéal é seo faoi Mháirtín Ó Méalóid atá ag freastal ar an ollscoil i mBaile an Chaisil. Tarlaíonn an scéal le linn dheireadh seachtaine na Cásca 1949 an deireadh seachtaine a bhfuil Poblacht na hÉireann le fógairt agus deireadh le cur le gunnadóireacht agus le foréigean. Ach seo deireadh seachtaine cinniúnach i saol Mháirtín freisin atá ar 'oilithreacht ó mhíshuaimhneas a laethanta ollscoile go dtí an tuiscint agus an léargas searbh a shaorann é ónar bhain lena shaol go dtí sin' mar a dúirt Alan Harrison faoi. Glactar leis go bhfuil toise láidir beathaisnéisiúil sa scéal seo de shaol Bhreandáin féin agus gur ionann Baile an Chaisil agus cathair na Gaillimhe. Tugtar cuairt ar an gcathair sa scéal agus tugtar scuairdeanna ar roinnt tithe ósta san inseacht. Bheartaigh Club Leabhar Chois Fharraige gurbh fhiú turas Bhaile an Chaisil a dhéanamh agus bhí chuile ní eagraithe d'Aibreán 2020 ach chuir an phaindéim deireadh leis an bplean sin! Tarlóidh sé an deireadh seachtaine seo áfach! Cuirfidh Máirtín Jaimsie Ó Flaithearta tús leis na himeachtaí san áit a dtosaíonn an scéal, sa Quad in Ollscoil na Gaillimhe, ag 1.00 i.n.ar an Satharn an 22 Aibreán. Ansin leanfar bealach an scéil trí "Bhaile An Chaisil" ag bualadh isteach i roinnt tithe ósta le n-éisteacht le cuimhní cinn, scéalta agus sleachta ón leabhar. Táthar ag súil go ngléasfaidh na rannpháirtithe i stíl bhlianta an scéil. Tá breis eolais ar fáil ag https://clubleabharcf.wordpress.com/lig/



CRUINNIÚ CINN BHLIANA: CUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Chumann Forbartha Chois Fharraige ar siúl ar an Luan 24 Aibreán i Séipéal an Chnoic, Indreabhán (seomra ar chúl). Tá an cruinniú oscailte do bhaill an Chumann Forbartha agus fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Is féidir ballraíocht a fháil ach teagmháil a dhéanamh le cumannforbartha@gmail.com.

SÍLE DENVIR: AMHRÁNAÍ NA BLIANA 2023

Bronnfar Gradam Ceoil TG4 mar Amhránaí na Bliana 2023 ar Shíle Denvir ar an Domhnach 23 Aibreán ag ócáid mhór in Ollscoil Luimnigh. Is amhránaí ar an sean-nós, cláirseoir agus scoláire í Síle a bhfuil tionchar láidir ag an nGaeilge, ag an tógáil Gaeltachta a fuair sí i gCois Fharraige agus ag stíl sean-nóis an cheantair ar a cuid ceoil. Tá sí ar dhuine de bhunaitheoirí an ghrúpa Líadan, grúpa a thug an-choirmcheoil go deo i Stiúideó Cuan le gairid. Is cóiritheoir ceoil í Síle agus tá sí ina stiúrthóir ceoil ar an ngrúpa nua sean-nóis, Bláth na hÓige. Tá sraith de chláracha teilifíse dá gcuid á gcraoladh ar TG4 chuile Dhéardaoin ag 8i.n faoi láthair. Foilsíodh Anamnesis dlúthdhiosca d'amhráin sean-nóis a thaifead Síle leis an léiritheoir John Reynolds agus an dordveidhleadóir Caroline Dale cúpla seachtain ó shin. Comhghairdeachas ó chroí le Síle: go raibh an-cheiliúradh aici an deireadh seachtaine seo.

Blas Meala

Údar & Beachaire

SIMON Ó CRÓINÍN

Ceoltóirí as Ráth Chairn

TIGH MHOLLY

12 Bealtaine

@ 8 i.n.

Fáilte roimh chách



á eagrú ag

Club Leabhar Chois Fharraige

clubleabharcf@gmail.com

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Ciste Spreagtha

Conradh na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge le enérgia

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

RANGANNA ACLAÍOCHTA

Tá sraith nua de ranganna aclaíochta á reáchtáil ag Christine Cox, a bheas ar siúl ar An Tulach, agus sa Spidéal. Le suim a léiriú sna ranganna, nó le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277. Cúrsaí a mhaireann sé seachtaine atá i gceist. Beidh rang 'bootcamp' le Christine ar siúl ar an Luan @ 7i.n. agus beidh rang 'pilates' ina dhiaidh @ 8i.n. i Halla na Tulaigh. Ar an Déardaoin, beidh rang ciorcad @ 7i.n. agus rang 'pilates' @ 8i.n. i Halla Scoil Éinne, sa Spidéal.



CÚRSA NUA Ó ACADAMH FÍBÍN

Tá cúrsa nua seolta ag Fíbín i gcomhpháirt le TG4 agus Gréasán na Meán chun pearsanra oilte a fhorbairt do thionscal na Meán Gaeilge! Má tá suim agat a bheith ag obair sa teilifís agus má tá Gaeilge agat, is féidir CV a sheoladh chuig acadamhfibin@gmail.com! Tá gach eolas ar fáil ag www.fibinmedia.ie/acadamh Chomh maith le sin, is féidir súil a choinneáil ar an gcuntas Instagram: @acadamhfibin le haghaidh uasdátuithe maidir leis an gcúrsa.

Gréasán na Meán

Skillnet

TG4

GLAN SUAS AN SPIDÉAL

Tá Coiste Bhaile Slachtmhar an Spidéil ag eagrú feachtas mór glantacháin ar an Satharn beag seo. Tá an-obair ar bun ag an gcoiste ó athbhunaíodh é an bhliain seo caite agus bhí an-rath ar a gcuid iarrachtaí sa gcomórtas náisiúnta anuraidh. Tá siad ag cur le hobair na bliana seo caite agus chuige sin iarrtar ar an bpobal, idir óg agus sean, cuidiú leo tré theacht chuig an Seanchéibh ar an Satharn ag 10 r.n. agus roinnt ama agus tacaíochta a chur ar fáil leis na spásanna poiblí a chaomhnú agus a mhaisiú ar son leas an phobail ar fad.

AN BUGAÍ BEOGA

Beidh An Bugaí Beoga ag tosú arís go luath! Seisiúin aclaíochta, éadrom é seo a thugann deis do dhaoine fásta dreas acalíochta a dhéanamh i gcomhluadar na bpáistí. Tá na seisiúin feiliúnach do thuismitheoirí le gasúir atá níos sine ná 6 seachtaine d'aois. Fáilteofar roimh Mhamaí, Daidí, Mamó, Daideo nó cúramóir. Tá muid ag súil libh a fheiceáil!

RANGANNA GAEILGE

do Thosaitheoirí

Ranganna Gaeilge do: Thosaitheoirí

(Irish Classes for Beginners)

Cúrsa 6 seachtaine @ **€20**

Dé Máirt 25ú Aibreán @ 7
Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)

Moltar clárú roimh ré ag
optchoisfharraige@gmail.com
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

COMÓRTAS GLÓR NA NGAEL: AITHEANTAS D'ÓIGE CHOIS FHARRAIGE

Bronnadh duais ar fiú €3,000 ar Chumann Forbartha Chois Fharraige a roghnaíodh sa chéad áit i gComórtas Glór na nGael 2022 sa rannóg: An Óige. Triúr déagóir as Cois Fharraige a ghlac leis an duais ag an searmanas bronnta: Neasa Nic Dhonncha as Barr Roisín, Fionnán Ó Coisdealbha as Baile na mBroghach agus Damhnait Ní Fhátharta as Na hAille. I láthair ag an searmanas chomh maith bhí triúr ó Choiste Stiúrtha an Chumann Forbartha: Mamie Ní Chualáin (Rúnaí); Máire Áine Mhic Dhonncha (Cisteoir) agus Donncha Ó hÉallaithe (Oifigeach Caidreamh Poiblí). Dúirt Donncha Ó hÉallaithe ón gCumann Forbartha go mba mhór an onóir don cheantar gur roghnaíodh Cois Fharraige don chéad duais sa rannóg i mbliana agus gur aitheantas a bhí ann don obair éachtach a dhéantar sa gceantar ar mhaithe leis an óige.

OÍCHE SHÓISIALTA AG IOMÁNAITHE AN SPIDÉIL

Tá Oíche Shóisialta á eagrú ag CLG, An Spidéal sa gCrúiscín Lán ar an Aoine 28 Aibreán. Teacht le chéile a bheas ann d’iománaithe agus d’iar-iománaithe an chumainn agus d’aon duine eile ar mhaith leo freastal ar an ócáid. Tá siad sa tóir go háirithe ar aon phictiúir atá ar fáil d’fhoirne an Spidéil sna blianta siar. Má tá a leithéid agat, inis dóibh fúthu nó seol chuig pro.anspideal.galway@gaa.ie iad! Ag 8.00i.n a thosóidh an ócáid.

CÓR AN SPIDÉIL I gCNOC MHUIRE

Beidh Oilithreacht na Gaeilge go Cnoc Mhuire ar bun ar an Domhnach 30 Aibreán. Tugadh cuireadh do Chór na Croise Naofa, cór an tseipéil i gCill Éinde, ann agus glacadh go fonnmhar leis an gcuireadh. Is i séipéal an Pharóiste i gCnoc Mhuire a bheas na searmanais ar bun agus cuirfear tús leo ag 3.00 i.n. Is é Cumann na Sagart a eagraíonn an oilithreacht bhliantúil seo.



SEÁN Ó TUAIRISG AR SHLÍ NA FÍRINNE

Bhásaigh Seán Ó Tuairisg as an Lochán Beag in Áras Chois Fharraige ar an Mháirt 19 Aibreán. Bhí Seán ar dhuine de na craoltóirí Gaeilge raidió agus teilifíse ba cháiliúla lena linn. Bhí sé i measc an cheád seisear clár reachtairí a fostaíodh nuair a bunaíodh Raidió na Gaeltachta i 1972. Bhí baint aige le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus ghlac sé páirt ghníomhach sa bhfeachtas toghchánaíochta ar son Pheadair Mhic an Iomaire i 1969. Bhí suim ar leith aige i gcúrsaí reatha agus sa réimse sin a bhíodh sé ag obair. Chaith sé tamall ina cheannaire ar chúrsaí nuachta i Raidió na Gaeltachta agus ceapadh ina Leascheannaire é i 1977. Bhog sé go dtí RTÉ agus saol na teilifíse sna 1990idí. Bhíodh an-tóir ar Cúrsaí, a bhíodh á chraoladh ceithre oíche sa tseachtain agus dlúthbhaint ag Seán leis an gclár sin. Bronnadh Gradam Jacob's air i 1992 as a shaothar ar an gclár. Níl ach mí caite ó bhásaigh Pádraig an deartháir ba shine leis. Déanann muid comhbhrón le muintir Uí Thuairisg agus le comhghleacaithe Sheáin i saol iriseoireachta na Gaeilge. Suaimhneas síorraí go raibh aige.